**Aiste**

Nuair a léigh teideal na haiste seo, léim mo chroí le háthas mar is mó rud atá le rá agam faoin ábhar seo. Is léir dúinn ar fad gur ceist chasta í seo.Tá an costas maireachtála ag cur isteach ar gach duine beo sa tír seo. Is beag lá a théann thart nach gcloistear rud éigin sna meáin faoin bhfadhb seo . Is scannalach an rud é go bhfuil líon na ndaoine gan dídean ag méadú in aghaidh an lae sa tír seo mar gheall ar an gcostas maireachtála. Tá go leor plé déanta ar an bhfadhb seo, ach níl réiteach sásúil aimsithe ag duine ar bith sa Rialtas go fóill.

Tá an bhochtaineacht ag dul in olcas sa tír seo. Feicim an fhadhb seo i m'áit chónaithe féin. Tá an costas maireachtála imithe ó smacht ó thús na bliana. Ní féidir leis na Saoránaigh lóistin a aimsiú agus tá cíos an-ard sna háiteanna eile atá ar fáil. Ach fiú ag leibhéal níos bunúsaí tá níos mó daoine ná riamh ag fulaingt leis an mbochtaineacht. Tá costas an bhia ag dul i méid. Tá sé an-deacair ar dhaoine go leor bia a cheannach mar gheall ar an gcostas. Tá sé deacair ar chlanna bia a cheannach do pháistí óga agus billí a íoc freisin.

Tá muintir na tíre ag streachailt le billí an bhliain seo. D'ardaigh costas an leictreachais go mór mór an bhliain seo. Tá ardú 15% le feiceáil ar chostas an leictreachais. Cuirtear an milleán ar an gcogadh san Úcrain ach ní aontaím leis an tuairim sin. Rinne na comhlachtaí leictreachais brabús ollmhór an bhliain seo caite ach fós féin d'ardaigh siad na praghsanna an bhliain seo. Ní féidir le gnáthdhaoine na praghsanna arda seo a íoc. Níor úsáid daoine a dteas le linn an gheimhridh cé go raibh an aimsir fheanntach fhuar. Is mór an trua é seo agus ní dóigh liom go bhfuil sé ceart ná cóir. Ba cheart don Rialtas seasamh isteach agus smacht a chur ar na comhlachtaí santacha seo.

Ní féidir le daoine óga tithe a cheannach a thuilleadh sa lá atá inniu ann. Ní fadhb nua-aimseartha í sin. Tá costas na dtithe ag méadú le cúig bliana anuas. Anuas ar seo tá na rátaí cíosa ag dul in airde chomh maith. Níl sé de chumas ag daoine óga cíos a íoc agus sábháil a dhéanamh dá n-éarlais. Tá eagraíochtaí iasachta ag ceannach tithe ar fud na hÉireann faoi láthair ar mhaithe le brabús. Tá na tithe ar imeall Bhaile Átha Cliath á gceannach ag na creach-chistí. Is cuma leis na gnólachtaí seo faoi bhochtaineacht na hÉireann. Is é an t-airgead agus an brabús an t-aon mhian a bhfuil acu. Tá sé dodhéanta do dhaoine óga na praghsanna éagóracha seo a íoc. Níl an t-ioncam acu agus go minic níl an dara rogha acu ach dul ar imirce. Tá súil agam nach mbeidh glúin óg eile againn ag fágáil ar an mbád bán.

Tá fadhb phráinneach tagtha chun cinn sa tír ó dheireadh na paindéime agus is í sin an boilsciú. Tá an costas maireachtála imithe ó smacht mar gheall ar an mboilsciú. Tá deacrachtaí an bhoilscithe le feiceáil i ngach cearn den tír agus tá sé seo ag cur brú ar bhochtaineacht sa tír seo. Ní féidir le daoine peitreal agus díosal a íoc anois. Ní fadhb í seo a bhaineann le haon réigiún amháin. Cén fáth go bhfuil sé ag tarlú agus cad iad na himpleachtaí? Bhuel le linn na paindéime ní raibh gá le taisteal mar bhí gach rud dúnta. Mar gheall ar seo tháinig méadú suntasach géar ar chostas an bhreosla sa tír seo. Tógaimis peitreal mar shampla, tá costas an pheitreal ardaithe 25% an bhliain seo. Ní éireoidh le daoine imeallaithe timthriall na bochtaineachta a bhriseadh má leanann an nós seo ar aghaidh.

Ní mór dúinn tuiscint níos fearr a bheith againn ar an bhfadhb seo agus ár ndícheall a dhéanamh sochaí níos cothroime a bheith ann do gach duine. Ní mór don Rialtas dlíthe a thabhairt isteach chun na Saoránaigh a chosaint. Ní mór don Rialtas infheistíocht a dhéanamh agus níos mó tithe sóisialta a thógáil. Is fearr beagán cúnaimh ná mórán trua. Má thagaimid go léir le chéile is féidir linn na deacrachtaí seo a shárú.

**CUID A**

**Fógra a hAon**

1. **(a) Cé a sheol an club leabhar ar líne, www.clubleabhar.com?**

   Gaelchultúr

   **(b) Cén aidhm atá ag an gclub leabhar seo ar líne?**

   Daoine a spreagadh chun leabhair Ghaeilge a léamh

2. **Cén deis a bhíonn ag baill an chlub ar fhóram an tsuímh gréasáin nuair a bhíonn leabhar na míosa léite acu?**

   Leabhar na míosa a phlé

3. **Scríobh síos dhá mhír eolais atá le líonadh isteach ar an bhfoirm chlárúcháin ar líne.**

   Pasfhocal
   Seoladh ríomhphoist

**Fógra a Dó**

1. **Cén dáta a bheidh Lá Oscailte ar siúl in Ollscoil Luimnigh?**

   An seachtú lá de mhí Dheireadh Fómhai

2. **Scríobh síos dhá cheann de na hábhair chainte a bheidh ag na léachtóirí sna cainteanna.**

   Na cúrsaí céime atá ar fáil san ollscoil
   Na deiseanna fostaíochta do chéimithe

3. **Luaigh rud amháin a roinnfidh mic léinn na hollscoile leis na scoláirí.**

   A saol san ollscoil

**CUID B**

**Comhrá a hAon**

**An Chéad Mhír**

1. **Cad a bhí ar siúl ag Cathal ar an trá?**

   Glantachán

2. **Scríobh síos dhá chúis imní a bhaineann leis an truailliú plaisteach sa lá atá inniu ann, dar le hÍde.**

   Déanann sé dochar do na héisc agus do na héin mhara

3. **Cad a deir na saineolaithe a tharlóidh faoin mbliain 2050?**

   Níos mó plaistigh ná éisc sna farraig

**An Dara Mír**

1. **Cathain a bhí Íde ag féile cheoil?**

   Coicís ó shin

2. **Cad a chuir déistin ar Íde maidin Dé Luain?**

   D'fhág a lán daoine málaí codlata ina ndiaidh

3. **Scríobh síos rud amháin a iarrann an lucht eagraithe ar gach duine a dhéanamh chun tionchar na féile ar an timpeallacht a laghdú.**

   A dtrealamh go léir a thabhairt abhaile leo

**Comhrá a Dó**

**An Chéad Mhír**

1. **Cén fáth a raibh Gráinne trí chéile ar fad nuair a shroich sí aerfort Bhaile Átha Cliath?**

   Chuaigh a bagáiste ar strae

2. **Scríobh síos dhá rud a bhíodh ar siúl ag Gráinne sna ranganna Spáinnise.**

   Seisiúin chomhrá

3. **Cén seanfhocal atá fíor maidir le foghlaim teanga, dar le Colm?**

   Cleachtadh a dhéanann máistreacht

**An Dara Mír**

1. **Scríobh síos áit amháin a dtéadh Gráinne agus na scoláirí eile ar thurais i ndiaidh na ranganna.**

   Na músaeim

2. **Cad a thaispeánadh Maria agus a máthair do Ghráinne ar an Domhnach?**

   Conas béile Spáinneach a réiteach

3. **Cén fáth nach bhfuil Gráinne ag tnúth le filleadh ar an scoil?**

   Deacair staidéar arís

## CUID C

### Píosa a hAon

1. **Cén t-ainm atá ar an bpodchraoladh Gaeilge a bhuaigh an gradam óir ag an ócáid speisialta i Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath?**

   Beo ar Éigean

2. **Scríobh síos ábhar amháin a phléitear ar an bpodchraoladh Gaeilge a bhuaigh an gradam óir sin.**

   Saol sóisialta

3. **Luaigh dhá phointe eolais faoin bpodchraoladh Gaeilge An Spota Dubh a bhí sa tríú háit.**

   Craoltar é ar Raidió na Life
   Pléitear scéalta spóirt na seachtaine

### Píosa a Dó

1. **Cén bhliain a d'imir Pelé i gCorn an Domhain den chéad uair?**

   Sa bhliain míle naoi gcéad caoga a hocht

2. **Cén fáth a bhfuil ainm Pelé luaite i Leabhar Churiarrachtaí Domhanda Guinness?**

   Mar an t-aon imreoir sacair a bhfuil trí bhonn buaite aige i gCorn an Domhain go dtí seo

3. **Scríobh síos cineál amháin oibre a rinne Pelé nuair a d'éirigh sé as an sacar.**

   Obair ar son páistí faoi mhíbhuntáiste

1. **(a) Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Tom Crean? (Alt 1)**

   Mar gheall ar na trí thuras taiscéalaíochta a rinne sé go dtí an tAntartach i mblianta tosaigh an fichiú haois

   **(b) (i) Scríobh síos cineál amháin taighde a bheidh ar siúl ag na heolaithe mara ar an RV Tom Crean. (Alt 1)**

   Déanfaidh siad suirbhéireacht ar chineálacha éagsúla iasc

   **(ii) Cén fáth ar thug an RV Tom Crean cuairt ghearr soir ar an Min Aird an lá tar éis a choimisiúnaithe?**

   Ba ansin a chuir Tom Crean tús lena chuid aistear farraige féin

2. **(a) Scríobh síos dhá phointe eolais faoi mhuintir Tom Crean agus é ag fás aníos gar d'Abhainn an Scáil in iarthar Chiarraí. (Alt 2)**

   Ba dhuine d'aon duine dhéag clainne é

   Bhí feirm bheag ag a mhuintir

   **(b) (i) Cén fáth ar mheall gairm an Chabhlaigh Ríoga go leor fear óg mar Tom Crean ag an am sin? (Alt 2)**

   Deis a bhí ann dóibh éalú ón saol ainnis sa bhaile

   **(ii) Cén aidhm a bhí ag Robert Falcon Scott agus é ar a bhealach go dtí an tAntartach ar an long thaiscéalaíochta, Discovery? (Alt 2)**

   A bheith ar an gcéad duine a leagfadh cos ar an Mol Theas

**3. (a) Cad a spreag Tom Crean le dul ar an turastaiscéalaíochta ar an Discovery? (Alt3)**

Fonn eachtraíochta a spreag é agus fonn taisteal chuig críocha anaithnide

**(b) (i) Scríobh síos dhá phointe eolais faoin gcruatan a d'fhulaing Crean agus na fir eile ar an turas leis na carranna sleamhnáin. (Alt 3)**

Bhí ualach an-trom le tarraingt acu ar thalamh reoite
Bhí an aimsir feanntach fuar

**(ii) Cén tubaiste a bhain do Tom Crean lá amháin agus é ag cabhrú leis an long a scaoileadh? (Alt 3)**

Thit sé tríd an oighear

**4. (a) Cén obair a rinne Tom Crean agus na fir eile nuair a thaistil siad amach ón mbunchampa leis na capaillíní a bhí leo? (Alt 4)**

Leag siad soláthairtí bia agus fearas in ionaid stórais ar an mbealach chuig an Mol Theas

**(b) (i) Luaigh dhá phointe eolais faoin siúl ab éigean do Crean a dhéanamh chun cabhair a lorg dá chomrádaithe. (Alt 4)**

Shiúil sé féin chuig an mbunchampa

Shiúil sé 56 ciliméadar

**(ii) Cén fáth ar bronnadh bonn Rí Albert ar Tom Crean i 1913? (Alt 4)**

I ngeall ar a ghaiscí nuair a shábháil sé beatha a chomrádaí, Teddy Evans

**5. (a) Cad a theastaigh ó Ernest Shackleton a dhéanamh ar an turastaiscéalaíochta go dtí an tAntartach ar an long Endurance i 1914? (Alt 5)**

Siúl trasna mhór-roinn an Antartaigh ó chósta go cósta, turas 3,000 ciliméadar nach ndearnadh cheana

**(b) (i) Tabhair pointe amháin eolais faoin turas farraige a rinne Shackleton agus a chriú ó Oileán Eilifinte go Seoirsia Theas agus iad ag lorg cabhrach. (Alt 5)**

Rinne siad é i mbád beag iomartha

**(b) (ii) CénfáthandeirtearsasliochtgomairfidhcáilTomCreanmarlaochAntartachgodeo? (Alt 5)**

Tá a ainm ar oighearshruth ar Sheoirsia Theas, ar chnoc san Antartach agus, anois, ar bhád taighde in Éirinn

**6. (a)**

Briathar san AF : Beidh / Bainfidh/ Déanfaidh

Tuiseal Ginideach Fir uatha : adhmaid / Antaraigh / oighir / ama

**(b)**

Is léir gur duine cróga é Tom Crean.

Tá an tréith seo le feiceáil go soiléir sa sliocht seo. Tá sé sofheicthe gur duine cróga é óna iompar. Chuaigh sé ar thuras fada dainséarach chuig an Antartach. Ní raibh a fhios aige cad a bheadh ann ach ba chuma leis. D'éirigh a chara Teddy Evans tinn freisin agus chuaigh Tom leis féin chun cabhair a fháil dó. Sheas sé an fód agus chabhraigh sé lena chara.

Is duine rathúil é freisin.

D'oibrigh sé go crua agus go díograiseach chun saol níos fearr a chruthú dó féin. D'éirigh leis áiteanna éagsúla a fheiceáil timpeall an domhain. Shroich sé an Nua-Shéalainn ar an mbád HMS. Cuireadh a ainm ar long freisin in ómós dá fhiosracht.

1. **(a) Cén fáth a bhfuil fís agus rannpháirtíocht na nEorpach óg ríthábhachtach, de réir an phreasráitis a chuir an Coimisiún Eorpach amach? (Alt 1)**

   Chun todhchaí níos fearr a thógáil, todhchaí a bheidh níos glaise, níos cuimsithí agus níos digití = 3 mharc

   **(b) (i) Scríobh síos príomhchuspóir amháin a leagadh amach do Bhliain Eorpach na hÓige. (Alt 1)**

   Daoine óga a spreagadh lena dtuairimí a roinnt chun go gcuirfear san áireamh iad nuair a bhíonn beartais an Aontais Eorpaigh á gceapadh

   **(ii) Cén fáth ar chóir daoine óga a mholadh, dar le Mariya Gabriel? (Alt1)**

   As a ndúthracht agus iad gníomhach ag seasamh i mbealaí nua ar son na rudaí a gcreideann siad iontu

2. **(a) Luaigh dhá aidhm de chuid na n-imeachtaí a d'eagraigh an eagraíocht Léargas in Éirinn le linn Bhliain Eorpach na hÓige. (Alt 2)**

   Deis a thabhairt do dhaoine óga as gach cúlra teacht le chéile agus a gcuid smaointe faoi na dúshláin mhóra atá rompu sa todhchaí a chur in iúl

   **(b) (i) Céard a mhínigh Maria Walsh do na daoine óga a bhí i láthair ag an gcomhdháil i mí Feabhra?**

   Cé chomh tábhachtach is a bheadh sé níos mó daoine óga a bheith ina n-iarrthóirí sna toghcháin Eorpacha agus áitiúla in 2024

   **(ii) Cad iad na hábhair a bhí á bplé ag na daoine óga sna ceardlanna sna carráistí ar an traein speisialta '*All Aboard*'? (Alt 2)**

   An cuimsiú
   An comhionannas

3. **(a) Scríobh síos dhá shlí a mbaineann mic léinn na n-institiúidí tríú leibhéal tairbhe as clár Erasmus+. (Alt 3)**

Forbraítear féinmhuinín na mac léinn
Foghlaimíonn siad faoi chultúir éagsúl

**(b) (i) Tabhair dhá phointe eolais faoin obair dheonach a dhéanann na daoine óga ar fud na hEorpa mar chuid den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach. (Alt 3)**

Tugann na daoine óga seo cúnamh sna háiteanna is mó a bhfuil gá leis
Cuidíonn siad leis na pobail siúd atá i ngátar

**(ii) Luaigh an dá rud a fhoghlaimíonn scoláirí dara leibhéal sa togra 'Clár Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa'. (Alt 3)**

Foghlaimíonn siad faoi ról Pharlaimint na hEorpa
Foghlaimíonn siad faoina gcearta mar shaoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh

4. **(a) Scríobh síos dhá rud a dúirt Harry McCann faoin gcaoi ar chuir paindéim Covid-19 isteach ar shaol na hóige. (Alt 4)**

Bhí ar dhaoine óga go leor íobairtí a dhéanamh
Bhí ar dhaoine óga a saol a chur ar athlá

**(b) (i) Cén fáth a mbíonn an t-aos óg ag gníomhú go paiseanta san fheachtas Fridays for Future? (Alt 4)**

Le brú a chur ar dhaoine fásta agus ar na polaiteoirí dul i ngleic le géarchéim na haeráide

**(ii) Cén fáth ar chomhairligh Harry McCann don ghlúin óg seasamh le chéile agus a dtuairimí a nochtadh?**

Chun deimhin a dhéanamh de go n-éistfidh lucht déanta na bpolasaithe leo agus go mbeidh an todhchaí níos gile dá bharr

5. **(a) Cad iad na rudaí atá tábhachtach má táimid le hEoraip ionchuimsitheach dhigiteach a bhaint amach? (Alt 5)**

Oideachas agus cúram sláinte meabhrach a bheith ar fáil do chách

**(b) (i) Scríobh síos pointe amháin eolais faoi óige dhaonra an Aontais Eorpaigh. (Alt 5)**

Is daoine óga iad fiche a cúig faoin gcéad den daonra (ní gá an tAontas Eorpach a lua sa fhreagra)

**(ii) Cad leis a bhfuiltear ag súil agus Bliain Eorpachnah Óigethart? (Alt5)**

Go bhfuil borradh curtha faoi iarrachtaí an Aontais Eorpaigh daoine óga a chumasú chun sochaí Eorpach níos fearr a chruthú

6. **(a)**

Tuiseal ginideach bain uatha : na hóige / na heorpa / aeráide]

BS san AC : Cruthaíodh

**(b)**

Tar éis dom an sliocht seo a léamh, táim lánchinnte go bhfuil luach ollmhór ag baint le Bliain Eorpach na hÓige agus gur fiú go mór é.

Tugtar sárléiriú dúinn ar an tábhacht a bhaineann leis na himeachtaí éagsúla sa dara halt. Tugann an clár Erasmus+ deis do dhaltaí foghlaim faoi chultúir éagsúla ar fud an domhain. Tugann sé deis dóibh freisin caidrimh a chruthú le daoine ó áiteanna eile san Eoraip. Forbraíonn oideachas na ndéagóirí mar gheall air seo.

Rud eile gur fiú go mór ná an bhéim a chuirtear ar pholaitíocht na n-óg sa dara halt. Déanann Bliain Eorpach na hÓige iarracht suim daoine óga a mhúscailt sa pholaitíocht. Ba mhaith leo go mbeadh tuilleadh daoine óga páirteach sna holltoghcháin sa bhliain 2024. Is rud fiúntach é seo.

**Oisín i dTír na nÓg**

An rud is mó a thaitin liom agus mé ag déanamh staidéar ar an scéal "Oisín I dTír na nÓg' ná an léargas cruinn soiléir a thugtar dúinn ar Oisín mar charachtar. D'fhág an píosa seo mé le híomhá shoiléir dó, ar nós go raibh mé tar éis casadh leis i mo shaol féin. Cruthaítear an íomhá shoiléir chumhachtach tríd an mbéim a chuirtear ar thréithe áirithe a bhaineann le hOisín.

Ar an gcéad dul síos, tá béim ollmhór ar an gcaidreamh atá ag Oisín i rith an scéil agus is tríd na caidrimh sin atá ann carachtar Oisín léirithe don chuid is mó. An rud is mó a bhaineann le gach uile chaidreamh – an caidreamh le Niamh, lena athair, leis Na Fianna – ná an tábhacht  agus an luach a chuireann Oisín orthu. Níl leathghrá ag baint le ceann ar bith. Tá Oisín dílis agus dírithe ar gach caidreamh ag pointe áirithe. Cé go bhfuil sé dílis do Niamh nuair a leanann sé í go Tír na nÓg, agus dílis do Na Fianna agus ag gol roimh a imíonn sé, creidim go bhfuil dílseacht Oisín le feiceáil go soiléir sa chaidreamh grámhar álainn a roinneann sé lena athair, Fionn Mac Cumhnaill.

Is é Fionn an cara is fearr atá ag a mhac, Oisín. Tá siad ina mball de Na Fianna le chéile, ag seilg agus ag troid ar an bhfoireann chéanna i gcónaí.  Ach an nóiméad a shroicheann sé Tír na nÓg le Niamh, tá uaigneas ar Oisín dá athair. Tá Oisín chomh dílis sin dá athair go bhfuil sé ag iompar an phian sin thart timpeall leis agus é i dTír na nÓg.

Ar deireadh níl sé in ann díleáil leis a thuilleadh. Mothaíonn a athair i bhfad uaidh agus filleann sé ar Éirinn chun a athair a lorg. Tá sé soiléir sa scéal go bhfuil dílseacht Oisín le feiceáil.

Tréith eile a bhaineann le hOisín ná nach bhfuil chomh deas leis an dílseacht ná ceanndánacht. Is fear ceanndána é amach is amach. Braitheann gach cinneadh atá le déanamh ag Oisín ar an bhféinmhuinín agus ar an gceanndánacht. Cheap mé agus mé ag léamh go raibh rud eile de dhíth ar Oisín go minic, is é sin nach raibh sé go hiomlán sásta in aon áit. Nuair a bhuail sé le Niamh, d'imigh sé léi go Tír na nÓg ar luas lasrach gan fiú nóiméad a ghlacadh chun smaoineamh air. Ba eachtra nua é don laoch agus bhí sásta glacadh leis a láidreacht a chur in iúl.

Tarlaíonn an rud chéanna arís tar éis dó saol nua a chruthú le Niamh I dTír na nÓg, é freagracht as triúr páistí Oscar Liam & Plúr na mBan, agus bhí i gceist ag Oisín imeacht leis arís mar gheall go raibh an seansaol de dhíth uaidh. Mhol Niamh dó gan imeacht ach bhí ruaig ag ceanndánacht an laoich air. Chreid sé go raibh sé speisialta agus nach mbaineann na rialacha leis. Ní raibh sé cúramach go leor.

Nuair a chonaic Oisín na fir ag streachailt leis an gcloch ollmhór in Éirinn, bhí deis aige a láidreacht a léiriú. Bhí sé an-cheanndána agus thit sé den chapall. Feicimid ó na samplaí seo gur fearr ceanndána agus dílis é.

**Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

(i)

Aontaím leis an ráiteas seo go mbaineann an file úsáid as íomhánna ón nádúr chun Cuma agus tréithe an fhir a chur in iúl dúinn. Is aoir í an dán seo. Tá an file ag magadh faoi na seandánta grá a scríobhadh fadó. Baineadh na seanfhilí úsáid as an dúlra chun áilleacht na mná a chur in iúl dúinn. Bhí a craiceann chomh bán le 'bláth na n-airní' agus bhí 'ghlais cheolmhar' ina súile Cinnte bhí siad róghafa leis an áilleacht. A mhalairt atá ag tarlú sa dán seo. Cuireann an file béim ar phearsantacht an duine seachas áilleacht an duine. Baineann sí úsáid as íomhánna ón dúlra chun é sin a dhéanamh.

Is é an chéad íomhá a fheicimid ná íomhá de 'bhláth na n-airní'. Is bláth álainn geall bán é ach níl a grása cosúil leis an mbláth seo. Níl bua na dathúlachta ann. Tugtar íomhá dúinn de bhláth eile, íomhá de nóiníní. Ach ní hionann a grása agus an bláth seo ach an oiread. Tugtar íomhá dhorcha dúinn dá grá-sa curtha san uaigh agus nóiníní ag fás as a chluasa, 'is as a chluasa a fhásfaidh siad'.

Labhraíonn sí faoi shúile a grá agus tuigimid go bhfuil siad lochtach mar tá siad róghearr dá chéile, 'róchóngarach dá chéile.' Tugtar íomhá dúinn dá ghruaig. Tá gruaig gharbh fhiáin air. Tá sí ina 'wire deilgní'. Tugtar íomhá dúinn faoin 'slim' mín bog, ach ní hionann gruaig a grása agus an íomhá seo ar chor ar bith. Is léir go bhfuil codarsnacht le feiceáil idir áilleacht na mban sna seandánta grá agus an easpa dathúlachta sa dán seo.

Sa véarsa deireanach tugtar íomhá dúinn den fhear ag caitheamh go maith léi. Cuireann an file cneastacht agus flaithiúlacht an fhir in iúl dúinn. Baintear úsáid as íomhánna ón dúlra chun an grá a léiriú dúinn. Tugann sé 'úlla' di. Seasann na húlla do riachtanais na beatha agus chomh maith leis sin tugann sé 'caora fíniúna' di 'nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar'. Seasann na caora fíniúna do na rudaí áille sa saol. Is Cuma leis an bhfile faoin easpa áilleachta mar caitheann sé go maith léi.

Ceapann sí go bhfuil pearsantacht an duine níos tábhachtaí ná áilleacht an duine. A mhalairt a bhí ag tarlú sna seandánta grá. Baineann an file úsáid éifeachtach as íomhánna ón dúlra chun béim a chur ar an gcodarsnacht atá le feiceáil idir an dán seo agus na seandánta grá. Cabhraíonn na híomhánna seo léi cur síos magúil a dhéanamh ar an bhfear. Ligeann an cur síos seo di a bheith ag caitheamh anuas ar na seandánta grá a scríobhadh fadó.

(ii)

Taitníonn an greann go mór liom. Déanann sí cur síos magúil ar a grása sa dán seo. Ní ag magadh faoina grá atá sí ach ag magadh faoi na seandánta grá a scríobhadh fadó. Tugann sí íomhánna greannmhara dúinn chun béim a chur ar an gcodarsnacht seo. Bainim an-taitneamh as an íomhá dá grá 'mar bhean dhubh Shakespeare'. Is léir go bhfuil lochtanna an fhir go mór chun tosaigh ach tugann sí teachtaireacht thábhachtach dom, gur tábhachtaí pearsantacht an duine seachas áilleacht an duine. Agus táim ar aon intinn chéanna léi.

(iii)

Chum Nuala Ní dhomhnaill an dán seo.

Rugadh í i Lancashire sa bhliain 1952.

D'fhreastail sí ar choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

D'fhoilsigh sí 'An Dealg Droighin' agus 'Cead Aighnis'.

**An Triail**

Scríobh Máiréad Ní Ghráda an dráma seo. Ní cás eisceachtúil é cás Mháire ag an am sin. Feicimid sochaí chruálach na hÉireann sa dráma seo. Níl díolúine ar fáil do mháithreacha óga singile de bharr tionchar na heaglaise in Éirinn ag an am sin. Tá sochaí mhíthrócaireach, chúngaigeanta agus mhídhaonna le feiceáil sa dráma seo. Níl trua ná tuiscint ann do Mháire ná do mháithreacha aonaracha ag an am sin. Léireoidh mé é seo le neart samplaí ón dráma.

Buailimid le Bean Uí Chathasaigh ag tús an dráma seo. Is iomaí íobairt a rinne sí dá páistí dar léi féin. Is bean ghránna thiarnúil í agus caitheann sí go leor ama ag plé cúrsaí creidimh. Faigheann sí amach go bhfuil Máire ag iompar clainne agus athraíonn a hiompar go hiomlán. Is cuma léi faoi Mháire bhocht. Níl sí ag smaoineamh ar leas Mháire ach ar chaint na gcomharsan. Déanann sí iarracht an leanbh sa bhroinn a mharú agus déanann sí iarracht ginmhilleadh a thabhairt di lena steancán leighis. Cuireann sí mallacht uirthi nuair nach ngéilleann Máire di. “Mallacht ortsa a striapach”. Déanann sí é seo chun a híomhá a chosaint. Tá sí buartha fúithi féin. Séanann sí a dualgas mar mháthair do Mháire ar mhaithe lena híomhá. Cuireann sí go mór le fulaingt Mháire. Feicimid dearcadh diúltach Bhean Uí Chathasaigh óna hiompar.

Feicimid dearcadh diúltach na sochaí arís sa chás cúirte. Tá iompar fimíneach na ndeartháireacha le feiceáil. Déanann an bheirt deartháireacha iarracht an milleán a shéanadh. Tógann Liam Máire chuig an rince sa teach scoile. Tréigeann Liam í. Fágann sé a deirfiúr óg soineanta léi féin agus buaileann sí le Pádraig. Ní ghlacann sé aon fhreagracht ar bith. Ní dhéanann sé iarracht cabhrú le Máire. Tá an fhadhb chéanna le feiceáil le Seán. Ní thugann sé cúnamh dá dheirfiúr. Deir sé os comhair na cúirte go raibh an ceart ag a mháthair a bheith dian ar Mháire. Níl brón air go bhfuil Máire bhocht marbh. Is cuma leis mar is duine diúltach uafásach é. Tá dearcadh diúltach míthrócaireach na sochaí le feiceáil sna samplaí thuas.

Feicimid dearcadh diúltach míthrócaireach na sochaí ar chás na máthar neamhphósta i mBaile Átha Cliath freisin. Níl tiarna talún Mháire deas ná tacúil léi. Gearrann sí cíos ard uirthi. Nuair a thiteann an teach anuas orthu fágtar Pádraigín sa smionagan. Tagann Máire arís go dtí an teach agus ní thugtar cabhair ar bith di. Aimsíonn Máire Pádraigín agus breathnaíonn gach duine orthu ar thaobh na sráide agus ní dhéanann siad aon rud chun cabhrú leo. Is sampla eile é seo den dearcadh diúltach ar chás na máthar neamhphósta.

Tá Bean Uí Chinsealaigh chomh gránna céanna le Máire. Tugann sí post di ach nuair is léir di go bhfuil Máire ag iompar clainne, iarrann sí uirthi an teach a fhágáil. Deir sí os comhair na cúirte go raibh Máire an-mhaith ag an obair. Níl gearrán ar bith le déanamh aici faoi Mháire ach caitheann sí Máire ón teach gan trua. Tá sí buartha faoina híomhá sa tsochaí. Is cuma léi faoi shláinte Mháire. Feicimid dearcadh diúltach míthrócaireach na sochaí ar chás na máthar neamhphósta arís anseo.

Is í Mailí an t-aon duine a léiríonn comhbhá agus tuiscint do Mháire. Ní thugann Mailí breithiúnas uirthi. Déanann sí iarracht Máire shaonta a chosaint ón tsochaí fhimíneach. Cabhraíonn Mailí léi nuair a thiteann an teach anuas uirthi. Tugann sí lóistín di. Is cara maith í Mailí. Os comhair na cúirte níl Mailí sásta Máire a cháineadh ar nós gach duine eile.

Ní chuireann na haturnaetha isteach uirthi sa chúirt. Tuigeann sí grá Mháire dá leanbh agus mar sin tá sí an-dílis do Mháire. Léirítear í mar dhuine a raibh imeallaithe ón tsochaí ach ba í Mailí an t-aon duine ar ghuigh ar son na beirte ar bhruach na huaighe.

D'fhéadfadh an tubaiste seo a sheachaint. Tá dearcadh diúltach míthrócaireach na sochaí ar chás na máthar neamhphósta le feiceáil go soiléir sa dráma. Déanann gach duine iarracht a n-íomhá féin a chosaint. Tá an pobal sa dráma seo leithleach agus féinlárnach.